



## Cairde Na Scoile

### Nuachtlitir an tSamhraidh 2016

Agus muid ag druidim i dtreo deireadh na bliana, ba mhaith le Cairde na Scoile buíochas ó chroí a ghabháil libh as ucht bhur gcuid tacaíochta iontach d'imeachtaí Chairde i rith na bliana.

Thiomsaigh muid €15,000 sa scoilbhliain 2015/2016 (foirseofar an méid chruinn i gcuntais dheireadh na bliana Meán Fómhair) ó na himeachtaí seo a leanas; Dioscó Oíche Shamhna, Cartaí Nollag & Féilirí, Bailiú Eadaí x 3, Rith sa bPuiteach, Tráthnóna Spraoi agus an tSiúlóid. Chabhraigh an t-airgead ó na himeachtaí seo le háiseanna breise a chur ar fáil do pháistí GSBB – ar nós leabhair bhreise, an gairdín scoile, binsí, fearas breise spóirt, fearas fuaimne, córais fuaimne do ranganna agus neart eile.

Ní éireodh leis an himeachtaí seo murach tacaíocht iontach agus flaithiúlacht na dtuismitheoirí sa scoil. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le lucht ghnó áitiúil, go leor tuismitheoirí ina measc, a thugann urraíocht dúinn go minic, go h-áirithe le Rith sa bPuiteach agus an Tráthnóna Spraoi. Táimid an-bhuíoch do Shéamus, Linda agus an fhoireann go léir i GSBB as a gcuid tacaíochta agus cabhrach i rith na bliana.

#### Seo roinnt notai eolais don bhliain seo!

- Ar an drochuair, mar gheall ar an aimsir, níor tharla an tsiúlóid mar ba ghnách i mbliana. Tarlóidh sé ar scoil le linn an lae roimh dheireadh na bliana. Iarrtar oraibh, le bhur dtoil, na **cartaí urraíochta a sheoladh isteach faoin Mháirt, an 28ú Meitheamh.**
- Cuirtear i gcuimhne d'éinne atá ag iarraidh **árachas pearsanta don pháiste** a bhaint amach na foirmeacha agus an t-airgead a sheoladh isteach chuig Linda roimh dheireadh na scoilbhliana.
- Mar fhocal scoir, guímid gach rath ar Rang 6 sa toadhcháil. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le tuistí Rang 6 as a rannpháirteacht agus a bhflaithiúlacht thar na blianta. Seo an bhliain deireannach do roinnt mhaith tuistí ach leanfaidh an rian dearfach a d'fhág sibh ar an scoil. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an **Searmanas Fágála Dé Máirt, an 28-06-16.**

#### Ag súil le 2016\2017

Tá Cairde na Scoile ag obair cheana féin ar phleananna don bhliain seo chugainn – tá go leor smaointe molta d'ócáidí tiomsaithe airgid amach anseo!

Beidh **Cruinniú Cinn Bhliana Chairde ar siúl Dé Máirt, an 13-09-16, ag 8.00i.n.** Ag an gcruinniú seo, roinnfear Tuairisc an Chathaoirligh agus Tuairisc an Chisteora agus ainmneofar daoine don choiste nua. Fáilte roimh chách agus fáilte faoi leith roimh bhaill nua don choiste.

\*\*\*\*\*

Go raibh míle maith agaibh go léir. Tá súil againn go mbeidh samhradh thar cinn agaibh agus táimid ag súil le gach éinne a fheiceáil Meán Fómhair!

*Cainte Chairde na Scoile*

[www.facebook.com/CairdeNaScoil](http://www.facebook.com/CairdeNaScoil)

Keira Thornton (Cathaoirligh) 087 3857437

Eve Murphy (Rúnaí) 087 6497036